2024/2086

26.7.2024

CINNEADH (AE) 2024/2086 ÓN gCOMHAIRLE EORPACH

an 24 Iúil 2024

lena gceaptar Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála

TÁ AN CHOMHAIRLE EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 18(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh (AE) 2019/1330 ón gComhairle Eorpach [1] ceapadh Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, Josep BORRELL FONTELLES, go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2024.

(2) Dá bhrí sin, ba cheart Ardionadaí nua an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála a cheapadh don tréimhse ó dheireadh théarma oifige reatha an Choimisiúin Eorpaigh go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2029.

(3) I litir dar dáta an 22 Iúil 2024, chomhaontaigh Uachtarán toghaí an Choimisiúin go gceapfaí Kaja KALLAS mar Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála.

(4) I gcomhréir le hAirteagal 17(7), an tríú fomhír, den Chonradh ar an Aontas Eorpach, beidh an tUachtarán, Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus comhaltaí eile den Choimisiúin, mar chomhlacht, faoi réir vóta um thoiliú ag Parlaimint na hEorpa,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar Kaja Kallas mar Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála don tréimhse ó dheireadh théarma oifige reatha an Choimisiúin go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2029.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 24 Iúil 2024.

Thar ceann na Comhairle Eorpaigh

An tUachtarán

C. MICHEL

[1] Cinneadh (AE) 2019/1330 ón gComhairle Eorpach an 5 Lúnasa 2019 lena gceaptar Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála (IO L 207, 7.8.2019, lch. 36).